Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**7101/24**

**FIN 202**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Feabhra 2024 |
| chuig: | Alexia BERTRAND, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2024 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 03/2024.

Faoi iamh: DEC 03/2024

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 29/02/2024

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2024
ROINN III – TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 16, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 03/2024**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 1602 Slógadh sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 16 02 02 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) | Íocaíochtaí | -165 000,00 |

**CAIBIDIL -** 3004 Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 04 02 Cúlchiste i gcomhair an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) | Gealltanais | -165 000,00 |

## CHUIG AN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 1601 Caiteachas riaracháin tacaíochta lasmuigh de na huasteorainneacha bliantúla a leagtar amach sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 16 01 01 Caiteachas tacaíochta i gcomhair an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha | Neamhdhifreáilte | 165 000,00 |

Na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), is rialacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ('Rialachán CED').

I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán CED, féadfar suas le 0,5 % d'uasteorainn bhliantúil CED a chur ar fáil le haghaidh cúnamh tacaíochta ar thionscnamh an Choimisiúin.

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**16 02 02 - An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)**

### b) Figiúirí an 13/02/2024

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 20 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 20 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **20 000 000,00** |
| **6 An laghdú a mholtar** | **165 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **19 835 000,00** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 0,83 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 10 033 998,71 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 13/02/2024 | 10 033 998,71 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0,00 % |

### d) Forais mhionsonraithe don laghdú

Is í an líne le haghaidh cúnamh teicniúil ó CED ar thionscnamh an Choimisiúin (líne bhuiséid 16 01 01) a úsáidtear le haghaidh an bhirt seo agus dá bhrí sin ní mór leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí a sholáthar di. Úsáidfear cuid de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil ar líne oibríochtúil CED 16 02 02 chun an méid a iarradh a chumhdach don bhliain 2024.

## I.2

## a) Ceannteideal

**30 04 02 - Cúlchiste i gcomhair an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)**

## b) Figiúirí an 13/02/2024

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Dréachtbhuiséad Leasaitheach 1) | 33 784 873,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 33 784 873,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **33 784 873,00** |
| **6 An laghdú a mholtar** | **165 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **33 619 873,00** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 0,49 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 13/02/2024 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

## d) Forais mhionsonraithe don laghdú

Leagtar amach na forálacha buiséadacha a bhaineann le CED i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua chomh maith, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

I gcomhréir leis na forálacha sin, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh aistriú leithreasuithe ón gcúlchiste le haghaidh CED chuig an líne bhuiséid ábhartha i gcomhthráth leis an togra le haghaidh cinneadh chun CED a shlógadh.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**16 01 01 - Caiteachas tacaíochta i gcomhair an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha**

### b) Figiúirí an 13/02/2024

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 0,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 0,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **0,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **165 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **165 000,00** |
| 8 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | neamhbhainteach |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 13/02/2024 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don mhéadú

In 2024, iarrtar an méid EUR 165 000 chun an cúnamh teicniúil a bhaineann le CED a chumhdach. Is ionann é agus 0,49 % d'uasteorainn bhliantúil CED agus tá sé i gcomhréir leis an 0,5 % a cheadaítear le hAirteagal 11(1) de Rialachán CED. Úsáidfear an ranníocaíocht le haghaidh caiteachas a luaitear in Airteagal 11(1) agus (4) agus in Airteagal 12(2), (3) agus (4) de Rialachán CED, mar a shonraítear thíos.

**Caiteachas riaracháin - EUR 75 000:**

- Beidh cruinnithe tráthrialta á dtionól ag Sainghrúpa Daoine Teagmhála CED, agus beidh dhá chomhalta i láthair ó gach Ballstát. Bunaithe ar an taithí a fuarthas le cruinnithe fíorúla, agus i gcomhréir le huaillmhianta an Choimisiúin lorg a chuid gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol a laghdú, leanfaimid de chruinniú fíorúil amháin agus cruinniú ar an láthair amháin a bheith againn in 2024;

- Chun líonrú a chur chun cinn i measc na mBallstát, eagróidh an Coimisiún seimineár amháin le rannpháirtíocht comhlachtaí cur chun feidhme CED agus comhpháirtithe sóisialta;

- Gníomhaíochtaí faisnéise: láithreacht ar líne CED, a bhunaigh an Coimisiún sa réimse Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsithe, agus atá á cothabháil aige mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12(2) de Rialachán CED, déanfar í a nuashonrú agus a leathnú go tráthrialta, agus aistreofar gach eilimint nua isteach i dteangacha uile an Aontais. Déanfar an fheasacht ghinearálta faoi CED a mhéadú agus cuirfear a infheictheacht chun cinn. Cumhdófar CED i bhfoilseacháin éagsúla de chuid an Choimisiúin agus i ngníomhaíochtaí closamhairc dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED.

**Caiteachas teicniúil - Costais iomlána 90 000:**

- Córas um malartú sonraí leictreonacha a chothabháil agus a nuashonrú. Tá an Coimisiún ag leanúint dá chuid oibre ar nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le hiarratais ar CED agus bainistíocht CED, agus úsáid á baint aige as feidhmiúlachtaí an Chomhchórais um Bainistíocht Cistí Comhroinnte (SFC). A bhuí leis sin, táthar in ann iarratais faoi Rialachán CED a shimpliú, an phróiseáil a bhaineann leo a luathú agus tuarascálacha éagsúla a bhaint astu ar bhonn níos fusa. Tá comhéadan SFC ina chúnamh chun oibríochtaí airgeadais CED a éascú freisin. Leis an méid seo áirítear go háirithe:

  a) cothabháil a dhéanamh ar mhodúil iarratais SFC 2014 agus ar mhodúil na dtuarascálacha deiridh chun cásanna do CED 2014- 2020 a dhúnadh;

  b) comhéadan CED 2021- 2027 a fhorbairt agus a chothabháil in iarratas SFC2021, go háirithe feidhmiúlachtaí nua, amhail modúl na tuarascála deiridh, agus coigeartuithe chun SFC2021 a ailíniú le ceanglais Rialachán CED 2021- 2027;

- Faireachán agus bailiú sonraí: déanfaidh an Coimisiún sonraí a bhailiú maidir le hiarratais a fuarthas, a íocadh agus a fhoirceannadh, agus maidir le bearta atá beartaithe agus curtha chun feidhme. Cuirfear na sonraí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh agus tiomsófar iad i bhfoirm iomchuí le haghaidh tuarascálacha débhliantúla a bheidh ann amach anseo.

**ANNEX**

**TRANSFERS RELATED TO THE EUROPEAN GLOBALISATION ADJUSTMENT FUND FOR DISPLACED WORKERS (EGF) IN 2024**

**COMMISSION PROPOSALS AS AT 13/02/2024**

The table below shows the transfer proposals transmitted to the European Parliament and the Council to date, which relate to the EGF financial year 2024, and the amount of the EGF reserve that will remain should these proposals be approved as proposed by the Commission.

| Transfer Ref | Date sent to B.A. | Content | Amounts in EUR (Commitments from Reserve) |
|---|---|---|---|
| | | **Initial appropriations** | **209 466 210,00** |
| | | *Reduction proposed in DAB1* | *- 175 681 337,00* |
| | | ***Revised appropriations*** | ***33 784 873,00*** |
| DEC 01 | *29/02/2024* | EGF/2023/004 DK/Danish Crown | 1 882 212,00 |
| DEC 02 | *29/02/2024* | EGF/2023/003 DE/Vallourec | 2 984 627,00 |
| DEC 03 | *29/02/2024* | EGF/2024/000 TA 2024 | 165 000,00 |
| | | | |
| | | | |
| | | **Total of Proposals** | **5 031 839,00** |
| | | ***Remainder revised appropriations*** | ***28 753 034,00*** |

**To date, the levels of available internal assigned revenue payment appropriations are as follows:**

*Line 16 01 01 – Support expenditure for the European Globalisation Adjustment Fund for Displaced Workers (EGF)*

Amounts in EUR

| | |
|---|---|
| Internal assigned revenue – current year | 0 |
| Internal assigned revenue – carried-over from previous year | 0 |

*Line 16 02 02 – European Globalisation Adjustment Fund for Displaced Workers (EGF)*

Amounts in EUR

| | |
|---|---|
| Internal assigned revenue – current year | 0 |
| Internal assigned revenue – carried-over from previous year | 10 033 998,71 |